

# Eleathanach213

Dé Luain 19 Deireadh Fómhair 2015



## Rugbaí

Chaill foireann rugbaí na hÉireann Dé Domhnaigh. Bhí siad ag imirt i gcoinne fhoireann na hAirgintíne in Cardiff sa Bhreatain Bheag. Chaill siad leis an scór 20 - 43.

Bhí imreoirí na hAirgintíne rómhaith do na hÉireannaigh. Is dócha go raibh an-tuirse ar fhoireann na hÉireann tar éis an chluiche iontach a bhí acu an tseachtain seo caite. Bhuaigh siad ar an bhFrainc sa chluiche sin.

Anois níl fágtha ach An Afraic Theas, An Airgintín, An Nua-Shéalainn agus An Astráil. Bhuaigh an Astráil sa nóiméad deireanach i gcoinne na hAlban.

## Sacar

Beidh foireann sacair na hÉireann ag imirt i gcoinne na bpeileadóirí ón mBoisnia agus an Heirseagavéin. Beidh dhá chluiche ann. Beidh an chéad chluiche as baile, Dé hAoine 13 Samhain.

Cúpla lá ina dhiaidh sin beidh an dara cluiche ar siúl i mBaile Átha Cliath. Beidh an buaiteoir ag dul go Craobhchomórtais na hEorpa. Beidh an comórtas sin ar siúl sa Fhrainc an samhradh seo chugainn. Ar aghaidh linn!

## *XFactor agus Strictly Come Dancing*

Tá Joseph McCaul imithe abhaile ón *XFactor*. Thaitin sé leis na moltóirí uaireanta, ach ar deireadh, shocraigh siad gan é a roghnú. Anois tá sé imithe abhaile agus ní bheidh Éireannach ar bith i dtithe na moltóirí.

Bhí an ceoltóir Éireannach Daniel O'Donnell ar an gclár teilifíse *Strictly Come Dancing*. Bhí sé an-ghreannmhar an tseachtain seo caite mar Danny ó *Grease*. Ar an drochuair, an tseachtain seo níor éirigh leis go leor vótaí a fháil. Bhí ar Daniel agus Kirsty Gallacher damhsa arís agus roghnaigh na moltóirí Kirsty.



## One Direction ar ais i mBaile Átha Cliath

Bhí trí cheolchoirm ag *One Direction* i mBaile Átha Cliath an tseachtain seo caite. Is dócha nach mbeidh siad ar an ardán arís i mBaile Átha Cliath ar feadh tamaill toisc go bhfuil an grúpa chun sos a ghlacadh in 2016. Bhí an lucht féachana ag canadh leis na buachailí agus bhí atmaisféar iontach ann. Roimh na ceolchoirmeacha, sheol siad amhrán nua 'Perfect'.

## Oíche Shamhna.

Bhí an aimsir go hálainn le cúpla seachtain anuas. Ach tá na duilleoga ag titim anois agus tá an oíche ag titim níos luaithe freisin. Maidin Dé Domhnaigh seo chugainn beidh orainn an t-am a chur siar uair an chloig. An mbeidh codladh níos faide nó níos giorra againn an oíche sin mar sin?

Agus beidh Oíche Shamhna ar siúl ar an oíche dheireanach den mhí, 31 Deireadh Fómhair. Beidh deireadh an fhómhair ann an oíche sin agus tosóidh an geimhreadh ag meán oíche.

Bainigí taitneamh as an mbriseadh lár téarma.

